TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
ĆAPETA
arna tabhairt an 17 Márta 2022 [1]

Cás C-159/20

An Coimisiún Eorpach
v

Ríocht na Danmhairge

(Mainneachtain ar Bhallstát a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh – Ainmniúcháin tionscnaimh agus Tásca geografacha do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-ábhair a chosaint – Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 – Airteagal 1(1) agus Airteagail 4 agus 13 – Úsáid den ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC) 'Feta' le haghaidh cáis a tháirgtear sa Danmhairg ach atá beartaithe í a onnmhairiú chuig tríú tíortha – Airteagal 4(3) CAE – Prionsabal an chomhair dhílis)

I. Réamhrá

1. 'Feta' atá i gceist arís. Sin í an chaoi a bhféadtar an cás seo a chuir i láthair do mhic léinn dhlí an Aontais, ós rud é gurb é an ceathrú caibidil, ar a laghad, den sága ar a dtugtar 'Feta'. [2]

2. Sa chás seo, trí chaingean a thionscnamh faoi Airteagal 258 CFAE, iarrann an Coimisiún Eorpach ar an gCúirt Bhreithiúnais a dhearbhú gur sháraigh Ríocht na Danmhairge a cuid oibleagáidí faoi Airteagal 13 de Rialachán Uimh. 1151/2012 [3] trí mhainneachtain cosc nó stop a chur le húsáid an ainm 'Feta' don cháis a tháirgtear sa Danmhairg agus atá beartaithe í a onnmhairiú chuig tríú tíortha. Maíonn an Coimisiún freisin gur sháraigh Ríocht na Danmhairge a cuid oibleagáidí maidir le comhar dílis a eascraíonn faoi Airteagal 4(3) CAE, ina aonar nó i gcomhar le hAirteagal 1(1) agus Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 1151/2012.

3. Is cineál cáise é 'Feta', a tháirgtear go traidisiúnta ó bhainne caorach, nó ó bhainne caorach agus gabhair, i gcodanna den Ghréig. Dóibh siúd ar mian leo níos mó a fhoghlaim faoi 'Feta', déanaim tagairt don chur síos fileata a rinne an tAbhcóide Ginearálta Ruiz-Jarabo Colomer, toisc nach

[1] Bunteanga: an Béarla.

[2] Féach, chuige sin, O'Connor, B. agus Kireeva, I., 'What's in a name? The "feta" cheese saga', *International Trade Law & Regulation*, Iml. 9, 2003, lch. 110.

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO 2012 L 343, lch. 1). Leasaíodh an Rialachán sin le déanaí le Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásca geografacha i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, agus (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas (IO 2021 L435, lch. 262).

bhféadfainn focail a chur air ar bhealach níos fearr.[4] Rud atá tábhachtach don chás atá i gceist, ó 2002 i leith, tá an t-ainm 'Feta' cláraithe mar shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint ('ATFC') faoi dhlí an Aontais.[5]

4. Tá rialú déanta ag an Aontas ar chosaint táirgí atá bunaithe ar a dtionscnamh geografach maidir le táirgí talmhaíochta agus bia-earraí,[6] chomh maith le fíonta,[7] biotáille[8] agus táirgí fíona cumhraithe.[9] Tá cosaint táirgí talmhaíochta, bia-earraí agus fíonta bunaithe ar na coincheapa um ATFC agus um thásc geografach faoi chosaint ('TGFC'), cé gur baineadh úsáid as coincheap an táisc gheografaigh ('TG') i ndáil le deochanna biotáilleacha agus táirgí fíona cumhraithe. Sa choincheap ATFC, cuimsítear nasc speisialta idir cáilíocht an táirge agus limistéar geografach áirithe, rud atá níos láidre ná TGFC toisc nach mór na céimeanna táirgthe go léir agus na comhpháirteanna ábhartha go léir a bheith de thionscnamh an limistéir gheografaigh shainithe.[10] Sa bhreis ar an ATFC 'Feta' sa Ghréig, is samplaí eile de ATFCanna iad 'Parmigiano Reggiano' san Iodáil, 'Champagne' sa Fhrainc agus 'Paški sir' sa Chróit, gan ach beagán a lua.

5. Níor tharla clárú an ainm 'Feta' mar ATFC ach amháin tar éis sraith cásanna inar chuir roinnt Ballstát ina choinne. Ach, thosaigh an ságа 'Feta', níos luaithe fós, áfach. Bhain an chéad chás le tarchur chun réamhrialú maidir le comhoiriúnacht bhearta na Gréige le rialacha saorghluaiseachta AE lena gcuirtear cosc ar cháis ón Danmhairg a bhfuil an t-ainm 'Feta' air a chur ar an margadh sa Ghréig. Tarraingíodh siar an tarchur, áfach, sula bhféadfadh an Chúirt Bhreithiúnais rialú a dhéanamh.[11] Caingean le haghaidh neamhniú a bhí sa dara cás i gcoinne Rialachán an Choimisiúin lenar cláraíodh 'Feta' mar ATFC sa bhliain 1996,[12] arna thionscnamh ag Ríocht na Danmhairge, ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine agus ag Poblacht na Fraince.[13] Ina breithiúnas, sheas an Chúirt Bhreithiúnais leis an gcaingean, inar neamhnigh sí an Rialachán sin ar an bhforas nár thug an Coimisiún aird chuí ar na fachtóirí riachtanacha go léir agus measúnú á dhéanamh ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil ainm tagtha chun bheith cineálach.[14] Sa tríú cás, áfach, dhíbh an Chúirt Bhreithiúnais an chaingean le haghaidh neamhniú a

4 Féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Ruiz-Jarabo Colomer in *Canadane Cheese Trading agus Kouri* (C-317/95, EU:C:1997:311, pointí 9 go 19).

5 Féach Rialachán (CE) Uimh. 1829/2002 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2002 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/96 maidir leis an ainm 'Feta' (IO 2002 L 277, lch. 10).

6 Féach fonóta 3 den Tuairim seo.

7 Féach Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72 ón gComhairle, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 (IO 2013 L 347, lch. 671). Leasaíodh an Rialachán sin le déanaí le Rialachán 2021/2117.

8 Féach Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcól eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 (IO 2019 L 130, lch. 1).

9 Féach Rialachán (AE) Uimh. 251/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú agus cosaint tásc geografach ar tháirgí fíona cumhraithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle (IO 2014 L 84, lch. 14). Leasaíodh an Rialachán sin le déanaí le Rialachán 2021/2117. Féach fonóta 28 breise den Tuairim seo.

10 Féach Rialachán Uimh. 1151/2012, Airteagal 5(1) agus (2). Maidir le fíonta, féach Rialachán Uimh. 1308/2013, Airteagal 93(1)(a) agus (b).

11 Féach ordú Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 8 Lúnasa 1997, *Canadane Cheese Trading agus Kouri* (C-317/95, EU:C:1997:393). Ach féach Tuairim an Abhcóide Ginearálta Ruiz-Jarabo Colomer in *Canadane Cheese Trading agus Kouri* (C-317/95, EU:C:1997:311).

12 Rialachán (CE) Uimh. 1107/96 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 1996 maidir le tásca geografacha agus ainmniúcháin tionscnaimh a chlárú faoin nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 17 de Rialachán (CEE) 2081/92 ón gComhairle (IO 1996 L 148, lch. 1) a mhéid a chláraigh sé an ainmniúchán 'Feta' mar ATFC.

13 Féach breithiúnas an 16 Márta 1999, *an Danmhairg agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* (C-289/96, C-293/96 agus C-299/96, EU:C:1999:141).

14 Féach breithiúnas an 16 Márta 1999, *an Danmhairg agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* (C-289/96, C-293/96 agus C-299/96, EU:C:1999:141, Míreanna 81 go 103).

thionscain Ríocht na Danmhairge agus Poblacht Chónaidhme na Gearmáine i gcoinne Rialachán Uimh. 1829/2002, trínar chláraigh an Coimisiún, tar éis tuilleadh athbhreithniú, 'Feta' mar ATFC arís. [15]

6. Ar bhonn Rialachán Uimh. 1151/2012, ciallaíonn clárú an ainm 'Feta' mar ATFC nach féidir é a úsáid ach amháin le haghaidh cáis de thionscnamh an limistéir gheografaigh shonraithe sa Ghréig agus a chomhlíonann an sonrúchán táirge i Rialachán Uimh. 1829/2002.

7. Le hAirteagal 13(3) de Rialachán Uimh. 1151/2012 cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit na bearta is gá a ghlacadh chun cosc a chur ar úsáid neamhdhleathach de ATFCanna cláraithe ar a gcríoch nó chun stop a chur léi. Maíonn an Coimisiún, le tacaíocht ón bPoblacht Heilléanach agus ó Phoblacht na Cipire, go bhfuil an oibleagáid sin sáraithe ag Ríocht na Danmhairge toisc nár chuir sí cosc nó stop le húsáid an ainm 'Feta' le haghaidh cáis a tháirgtear sa Danmhairg agus a bheartaítear í a onnmhairiú chuig tríú tíortha.

8. Ní shéanann Ríocht na Danmhairge nach gcuireann sí cosc nó stop le táirgeoirí ar a críoch an t-ainm 'Feta' a úsáid má tá sé beartaithe a gcuid táirgí a onnmhairiú chuig tríú tíortha. Measann sé, áfach, nach bhfuil feidhm ag Rialachán Uimh. 1151/2012 ach amháin maidir le táirgí a dhíoltar san Aontas, agus ní chumhdaítear leis onnmhairí chuig tríú tíortha. Dá bhrí sin, dar léi, ní hionann sárú ar Rialachán Uimh. 1151/2012 agus an úsáid a bhaintear as an ainm 'Feta' le haghaidh cáis a tháirgtear sa Danmhairg, ach nach bhfuil beartaithe a onnmhairiú ach chuig margaí tríú tíortha amháin nach bhfuil an t-ainm 'Feta' cosanta ar bhonn comhaontú idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, ní sháraítear an oibleagáid faoi Airteagal 13(3) de Rialachán Uimh. 1151/2012 leis an mainneachtain cosc nó stop a chur le húsáid an ainm 'Feta' le haghaidh cáis a dhéantar a onnmhairiú, toisc nach n-eascraíonn oibleagáid den sórt sin faoin bhforáil sin.

9. Go bunúsach, is é an phríomhdhíospóid idir na páirtithe sa chás seo ná cibé an gcuirtear nó nach gcuirtear cosc le dlí ábhartha an Aontais ar úsáid an ainm 'Feta' do tháirgí a onnmhairítear go tríú tíortha nach dtáirgtear i gcomhréir leis an sonrúchán táirge 'Feta' mar ATFC cláraithe.

10. Le bheith soiléir, ní bhaineann an díospóid le hinniúlachtaí an Aontais. Ní mhaíonn Ríocht na Danmhairge nach bhfuil inniúlacht ag an Aontas chun reachtaíocht a rith d'fhonn úsáid an ainm 'Feta' ar tháirgí onnmhairithe a thoirmeasc. Ní mhaíonn sí ach, faoin reachtaíocht reatha, nár roghnaigh reachtóir an Aontais úsáid den sórt sin a thoirmeasc.

11. Dá bhrí sin, ceanglaítear ar an gCúirt Bhreithiúnais sa chás seo raon feidhme chur i bhfeidhm Rialachán Uimh. 1151/2012 a léiriú. Is é an réamhriachtanas dó sin ná tuiscint a fháil ar an gcúis bhunúsach agus ar an gcuspóir atá le cosaint tásc geografach, agus níos beaichte cosaint de ATFCanna, de réir mar atá beartaithe ag reachtóir an Aontais. Sa chás seo freisin, ardaítear roinnt ceisteanna tábhachtacha maidir le prionsabal an chomhair dhílis atá leagtha síos in Airteagal 4(3) CAE i gcomhthéacs caingne um shárú arna dtionscnamh i gcoinne na mBallstát.

[15] Féach breithiúnas an 25 Deireadh Fómhair 2005, *an Ghearmáin agus an Danmhairg* v *an Coimisiún* (C-465/02 agus C-466/02, EU:C:2005:636).

II. An dlí lena mbaineann

12. D'fhonn an cás seo a chinneadh, ní mór don Chúirt Bhreithiúnais Rialachán Uimh. 1151/2012 a léiriú. In Airteagal 1 de, dar teideal 'Cuspóirí', atá i dTeideal I ('Forálacha ginearálta') sonraítear:

'1. Is é is aidhm don Rialachán seo cuidiú le táirgeoirí táirgí talmhaíochta agus bia-earraí ceannaitheoirí agus tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi shaintréithe agus airíonna feirmeoireachta na dtáirgí sin agus na mbia-earraí sin, chun an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go mbeidh iomaíocht chóir ann d'fheirmeoirí agus do tháirgeoirí táirgí talmhaíochta agus bia-ábhar a bhfuil saintréithe agus airíonna breisluacha ag baint leo;

(b) go mbeidh faisnéis iontaofa a bhaineann leis na táirgí sin ar fáil do na tomhaltóirí;

(c) go n-urramófar cearta maoine intleachtúla; agus

(d) sláine an mhargaidh inmheánaigh.

Tá sé beartaithe leis na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo tacú le gníomhaíochtaí talmhaíochta agus próiseála agus na córais fheirmeoireachta a bhaineann le táirgí ardcháilíochta, agus ar an dóigh sin rannchuidiú le cuspóirí an bheartais forbartha tuaithe a bhaint amach.

…'

13. Sonraítear in Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 1151/2012, dar teideal 'Cuspóir', atá mar chuid de Theideal II den Rialachán sin ('Ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha faoi chosaint'):

'Bunaítear scéim um ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint d'fhonn cúnamh a thabhairt do tháirgeoirí táirgí atá nasctha le limistéar geografach tríd an méid seo a leanas:

(a) luach cothrom a ghnóthú do cháilíochtaí a dtáirgí;

(b) cosaint chomhionann na n-ainmneacha a áirithiú mar cheart maoine intleachtúla ar chríoch an Aontais;

(c) faisnéis shoiléir a sholáthar do thomhaltóirí ar airíonna breisluacha an táirge.'

14. In Airteagal 13 de Rialachán Uimh. 1151/2012, sa leagan is infheidhme ag an am iomchuí,[16] dar teideal 'Cosaint', atá ina chuid de Theideal II de freisin, sonraítear:

'1. Déanfar ainmneacha cláraithe a chosaint ar an méid seo a leanas:

(a) aon úsáid dhíreach nó indíreach tráchtála a bhaintear as ainm cláraithe maidir le táirgí nach gcumhdaítear faoin gclárú a mhéad atá na táirgí sin inchomparáide leis na táirgí atá cláraithe faoin ainm sin nó a mhéad a thagann úsáid an ainm sin i dtír ar chlú an ainm atá faoi chosaint, lena n-áirítear nuair a úsáidtear na táirgí sin mar chomhábhar;

[16] Leasaíodh Rialachán Uimh. 1151/2012 le Rialachán 2021/2117. Tugadh isteach athruithe leis, *inter alia*, ar théacs Airteagal 13 de Rialachán Uimh. 1151/2012, nach bhfuil suntasach, áfach, sa chás seo.

(b) aon mhí-úsáid, aon aithris nó aon tabhairt chun cuimhne, fiú má thugtar fíorthionscnamh na dtáirgí nó na seirbhísí le fios nó má aistrítear an t-ainm faoi chosaint nó má chuirtear slonn ar nós "stíl", "cineál", "modh", "faoi mar a tháirgtear i", "aithris" nó rud éigin dá samhail leis, lena n-áirítear nuair a úsáidtear na táirgí sin mar chomhábhar;

(c) aon tásc bréagach nó míthreorach eile maidir le foinse, tionscnamh, nádúr nó cáilíochtaí sár-riachtanacha an táirge a úsáidtear ar an bpacáistiú laistigh nó ar an bpacáistiú lasmuigh, san ábhar fógraíochta nó sna doiciméid a bhaineann leis an táirge áirithe, chomh maith le pacáistiú an táirge i gcoimeádán a d'fhéadfadh barúil bhréige a chur in iúl faoina thionscnamh;

(d) aon chleachtas eile a d'fhéadfadh an tomhaltóir a chur amú maidir le fíorthionscnamh an táirge.

I gcás ina bhfuil ainm táirge a mheastar a bheith cineálach cuimsithe in ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint nó i dtásc geografach faoi chosaint, measfar nach mbeidh úsáid an ainm chineálaigh sin contrártha do phointe (a) nó pointe (b) den chéad fhomhír.

2. Ní bheidh ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint ná tásca geografacha faoi chosaint cineálach.

3. Glacfaidh na Ballstáit céimeanna iomchuí riaracháin agus breithiúnacha chun úsáid neamhdhleathach na n-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus na dtásc tionscnaimh faoi chosaint, dá dtagraítear i mír 1, a tháirgfear nó a mhargófar sa Bhallstát sin, a chosc nó a stopadh.

…'

III. Nós imeachta réamhdhlíthíochta

15. Tar éis gearáin a rinne údaráis na Gréige, an 26 Eanáir 2018, sheol an Coimisiún litir fógra fhoirmiúil chuig Ríocht na Danmhairge, i gcomhréir le hAirteagal 258 CFAE, inar leag sé amach a thuairim go raibh, trí mhainneachtain táirgeoirí na Danmhairge a chosc nó a stopadh ó cháis ar a bhfuil an t-ainm 'Feta' a onnmhairiú chuig tríú tíortha, in ainneoin nár chomhlíon an cháis sin an tsonraíocht táirge do 'Feta' i Rialachán Uimh. 1829/2002, dlí an Aontais á shárú ag an mBallstát sin, agus go háirithe Airteagal 4 CAE agus Airteagal 13 de Rialachán Uimh. 1151/2012 á shárú aige.

16. An 21 Márta 2018, d'fhreagair Ríocht na Danmhairge an litir fógra fhoirmiúil agus chuir sí i gcoinne argóintí an Choimisiúin.

17. An 25 Eanáir 2019, sheol an Coimisiún tuairim réasúnaithe chuig Ríocht na Danmhairge, inar iarradh ar an mBallstát sin deireadh a chur leis na sáruithe líomhnaithe ar Airteagal 4(3) CAE agus ar Airteagal 13 de Rialachán Uimh. 1151/2012 laistigh de thréimhse dhá mhí ón tuairim réasúnaithe sin a fháil.

18. An 22 Márta 2019, d'fhreagair Ríocht na Danmhairge an tuairim réasúnaithe agus chloígh sí lena seasamh nach raibh aon bhunús leis na sáruithe líomhnaithe.

IV. Na himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais

19. Trína iarratas arna thaisceadh an 8 Aibreán 2020, thionscain an Coimisiún an chaingean láithreach os comhair na Cúirte Breithiúnais faoi Airteagal 258 CFAE. Maíonn sé gur cheart don Chúirt:

– a dhearbhú gur mhainnigh Ríocht na Danmhairge a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 13 de Rialachán Uimh. 1151/2012 trí mhainneachtain úsáid an ainm chláraithe 'Feta' ag táirgeoirí na Danmhairge a chosc nó a stopadh le haghaidh cáis nach gcomhlíonann sonraíocht an táirge i Rialachán Uimh. 1829/2002;

– a dhearbhú gur mhainnigh Ríocht na Danmhairge a cuid oibleagáidí faoi Airteagal 4(3) CAE a chomhlíonadh i gcomhar le hAirteagal 1(1) agus le hAirteagal 4 de Rialachán Uimh. 1151/2012 trí ligean do tháirgeoirí na Danmhairge leaganacha bréige de 'Feta' a tháirgeadh agus a dhíol; agus

– a ordú do Ríocht na Danmhairge costais na n-imeachtaí a íoc.

20. Ina cosaint arna taisceadh an 6 Deireadh Fómhair 2020, áitíonn Ríocht na Danmhairge gur cheart don Chúirt:

– an chaingean seo ina hiomláine a dhíbhe mar chaingean gan bhunús; agus

– a ordú don Choimisiún costais na n-imeachtaí a íoc.

21. Thaisc an Coimisiún agus Ríocht na Danmhairge freisin freagra agus athfhreagra faoi seach an 1 Nollaig 2020 agus an 29 Eanáir 2021.

22. Le horduithe an 8 agus an 18 Meán Fómhair 2020, thug Uachtarán na Cúirte Breithiúnais cead don Phoblacht Heilléanach agus do Phoblacht na Cipire idiragairt a dhéanamh sa chás seo chun tacú leis an saghas ordaithe atá á lorg ag an gCoimisiún.

23. Níor iarradh aon éisteacht agus níor tionóladh aon éisteacht. Chuir an Chúirt Bhreithiúnais ceisteanna áirithe ar an gCoimisiún, ar Ríocht na Danmhairge, ar an bPoblacht Heilléanach agus ar Phoblacht na Cipire chun freagairt i scríbhinn a thabhairt maidir leo i gcomhréir le hAirteagal 61(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais. Thug na páirtithe sin go léir freagraí tráthúla i scríbhinn ar na ceisteanna a cuireadh orthu.

V. Anailís

A. An chéad ghearán, ina líomhnaítear sárú ar Airteagal 13 de Rialachán Uimh. 1151/2012

24. Ba cheart a thabhairt faoi deara ag an tús nach bhfuil foráil i Rialachán Uimh. 1151/2012 lena dtugtar le fios go sainráite go bhfuil sé is infheidhme maidir le honnmhairí chuig tríú tíortha. Dá bhrí sin, ní léir cibé an bhféadtar nó nach bhféadtar an Rialachán sin a léiriú mar Rialachán atá infheidhme maidir le honnmhairí den sórt sin. Arna nglacadh ina n-aonar agus gan dochar do m'anailís a leanann é seo, feictear dom go bhfuil an seasamh a ghlac an Coimisiún agus Ríocht na Danmhairge maidir leis an ábhar chomh réasúnta céanna. Dá bhrí sin tá dhá léiriú fhéideartha ar Airteagal 13(3) de Rialachán Uimh. 1151/2012.

25. Is cosúil go n-eascraíonn an dá thuiscint chontrártha ar Rialachán Uimh. 1151/2012 ó chreataí éagsúla léirmhínitheacha.

1. Creataí léirmhínitheacha

26. Dhéanfainn cur síos ar dhearcadh an Choimisiúin mar dhearcadh ina leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le cosaint maoine intleachtúla agus atá den tuairim go bhfuil ATFCanna riachtanach chun luachanna do phobail áitiúla a chur chun cinn. Déanfaidh mé tagairt don dearcadh seo mar chreat léirmhínitheach na maoine intleachtúla.

27. Ina áit sin, tá tuiscint Ríocht na Danmhairge i leith Rialachán Uimh. 1151/2012 tógtha ar an dearcadh maidir le léirscaoileadh na trádála. Tuigim an creat léirmhínitheach sin mar cheann a bhraitheann ar an loighic gur rud maith í trádáil i bprionsabal agus nár cheart, dá bhrí sin, í a chosc. Is féidir constaicí ar thrádáil a cheadú, ach ba cheart breathnú orthu mar eisceacht, agus ní mar riail. Déanfaidh mé tagairt don dearcadh seo mar an gcreat léirmhínitheach um léirscaoileadh trádála.

28. Ní haon ionadh é an seasamh seo atá ag an Danmhairg. Is gá a mheabhrú go bhfuil táirgeadh agus onnmhairiú cáise faoin ainm 'Feta' sa Danmhairg ó na 1960idí.[17] Tharla sé seo sular cláraíodh 'Feta' mar ATFC in 2002. Dealraíonn sé fiú go raibh dreasacht ann chun cáis a onnmhairiú faoin ainm 'Feta' mar thoradh ar aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin AE.[18] Murab ionann agus an 'Feta' atá á chosaint inniu mar ATFC, déantar 'Danish Feta' a tháirgeadh as bainne bó trí úsáid a bhaint as modhanna éagsúla táirgthe. Téann táirgeoirí na Danmhairge in iomaíocht, in éineacht le táirgeoirí eile de rud a dtabharfaidh mé 'Feta bréige' air, le fíortháirgeoirí de 'Feta' ar mhargaí tríú tíortha, nach bhfuil an t-ainm 'Feta' faoi chosaint iontu.

29. Tá na hargóintí éagsúla a chuir an Coimisiún agus Ríocht na Danmhairge chun cinn sa chás seo mar thoradh ar an dá dhearcadh léirmhínitheacha éagsúla agus tá siad mar chúis leis an easaontas bunúsach faoi cad atá i gceist leis an gcás seo i ndáiríre.

30. Maidir le Ríocht na Danmhairge, baineann an díospóid seo le rún reachtóir an Aontais nach raibh sé ar intinn aige, dar léi, nuair a glacadh Rialachán Uimh. 1151/2012, cosc a chur ar onnmhairí de 'Feta bréige' chuig tríú tíortha. Ní fhéadtar an Rialachán sin a léamh, dá bhrí sin, mar Rialachán trína gcuirtear cosc ar tháirgeoirí de 'Feta bréige' ón Danmhairg (nó ar tháirgeoirí eile) dul san iomaíocht ar na margaí idirnáisiúnta atá ar fáil (orthu siúd nach bhfuil cosaint á tabhairt do 'Feta'). Ar an ábhar sin, measann Ríocht na Danmhairge nach bhfuil aon oibleagáid uirthi onnmhairí den sórt sin a chosc.

31. Maidir leis an gCoimisiún, le tacaíocht ón bPoblacht Heilléanach agus ó Phoblacht na Cipire mar idiragraithe, baineann an díospóid seo le húsáid neamhdhleathach an ainm 'Feta' ag táirgeoirí na Danmhairge. De réir a ndearcaidh, níl ceann scríbe an táirge ábhartha chun an sárú a líomhnaítear a bhunú.

[17] Féach Rialachán Uimh. 1829/2002, aithris 11.

[18] Féach Rialachán Uimh. 1829/2002, aithris 32.

32. Cuireann na páirtithe na gnáthchineálacha argóintí ar fáil chun údar a thabhairt dá gcuid seasaimh bunaithe ar fhoclaíocht, comhthéacs, cuspóirí agus stair na reachtaíochta atá i gceist i bhfianaise an chur chuige arna ghlacadh i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais.[19] Taispeánfaidh mé, má fheictear iad laistigh dá gcreataí léirmhínitheacha féin, go ndealraíonn sé go bhfuil na hargóintí sin diongbháilte, nó ar a laghad, diongbháilte do gach taobh. Is amhlaidh é sin, toisc go roghnaíonn na páirtithe na hargóintí sin a oireann dá gcreataí léirmhínitheacha faoi seach ar an mbealach is fearr.

33. Dá bhrí sin, i mo thuairim féin, ní hé an rud atá le déanamh ag an gCúirt Bhreithiúnais sa chás seo na hargóintí a mheá agus a roghnú, ach rogha a dhéanamh idir an dá chreat léirmhínitheacha. Is é an creat, i dtuairim na Cúirte Breithiúnais[20] a oireann, ar an mbealach is fearr don bheartas atá mar bhonn agus mar thaca leis an gcosaint de shonrúchán tionscnaimh é an creat ar cheart a argóintí a bheith i réim.

34. Ós rud é go n-úsáidtear iad laistigh de na creataí léirmhínitheacha éagsúla, ní i gcónaí a bhíonn argóintí na bpáirtithe 'ag caint lena chéile'. Ach, ó am go chéile, cuireann páirtí amháin nó páirtí eile argóintí ar fáil freisin laistigh den chreat léirmhínitheach a úsáideann an taobh eile. Sa chuid seo a leanas, cuirfidh mé i láthair achoimre ar na hargóintí is ábhartha a chuir na páirtithe ar fáil, agus iad á gcórasú faoi na catagóirí traidisiúnta a bhaineann le foclaíocht, comhthéacs, cuspóirí agus stair reachtaíochta, mar aon leo siúd a bhaineann le cásdlí na Cúirte Breithiúnais.[21] Molfaidh mé ansin mo dhearcadh maidir leis an ndearcadh is dóigh liom gur cheart don Chúirt a bheith ina fhabhar agus míneoidh mé cén fáth.

35. Agus foláireamh de mhilleadh scéil á thabhairt agam, nochtfaidh mé ag an tús gurb é mo rogha an creat léirmhínitheach arna fhormhuiniú ag an gCoimisiún agus ag na hidiragraithe. Molfaidh mé, dá bhrí sin, don Chúirt glacadh le héileamh an Choimisiúin gur mhainnigh Ríocht na Danmhairge a cuid oibleagáidí faoi Airteagal 13 de Rialachán Uimh. 1151/2012 a chomhlíonadh.

2. Argóintí na bpáirtithe a chórasú agus measúnú a dhéanamh orthu

(a) Argóintí ón bhfoclaíocht

36. Braitheann an Coimisiún ar fhoclaíocht Airteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 1151/2012, lena bhforáiltear do chosaint ainmneacha cláraithe i gcoinne '*aon*' úsáid dhíreach agus indíreach.[22] Braitheann sé freisin ar fhoclaíocht Airteagal 13(3) de, ina dtugtar le fios go dtagann oibleagáidí na mBallstát chun cinn nuair a úsáidtear an t-ainm cláraithe le haghaidh táirgí a '*tháirgfear nó* a mhargófar sa Bhallstát sin'.[23] Soiléirítear leis na forálacha sin, i dtuairim an Choimisiúin, nach mór do na Ballstáit cosaint a áirithiú i gcoinne úsáid ainmneacha atá cláraithe mar ATFCanna in dhá chineál staide: ar an gcéad dul síos, nuair a tháirgtear na táirgí lena n-úsáidtear ainmneacha den sórt sin ar a gcríoch nó, sa dara háit, nuair a dhéantar táirgí ó Bhallstáit eile nó ó thríú tíortha ina mbaintear úsáid neamhdhleathach as an ainm cláraithe a mhargú ar a gcríoch.

[19] Féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Bealtaine 2019, *Fundación Consejo Regulador de la Denominación de Origen Protegida Queso Manchego* (C-614/17, EU:C:2019:344, mír 16).

[20] Féach, chuige sin, Dworkin, R., *Law's Empire*, Harvard University Press, Cambridge, 1986. Fiú má tá amhras orm faoi mholadh Dworkin maidir le freagra ceart dlíthiúil amháin a bheith ann, táim lánchinnte dá thuairim gurb é an freagra is fearr a oireann a chuardach ar cheann de na prionsabail ar cheart do bhreithiúna treoir a fháil uaidh.

[21] Braithim go bhfuil sé riachtanach a mhíniú go bhféadfaí roinnt argóintí a chur i níos mó ná catagóir amháin. Ar mhaithe le simpliú, chuir mé na hargóintí den sórt sin sa chatagóir a thuig mé mar an gcatagóir ab ábhartha.

[22] Béim curtha agamsa leis.

[23] Béim curtha agamsa leis.

37. Ní mheasann Ríocht na Danmhairge go bhfuil Airteagal 13(3) de Rialachán Uimh. 1151/2012 chomh soiléir agus a mheasann an Coimisiún. Áitíonn sí nach leor ann féin go mbaineann an fhoráil sin le táirgí 'a tháirgfear nó a mhargófar sa Bhallstát sin' chun raon feidhme chur i bhfeidhm an Rialacháin sin a chinneadh. D'fhonn a chinneadh cibé an bhfuil nó nach bhfuil úsáid neamhdhleathach, nach mór a chosc faoin bhforáil sin, ann, tá gá lena chinneadh cibé an bhfuil sé beartaithe an cháis a chur ar an margadh inmheánach nó a onnmhairiú chuig tríú tíortha. Aontaíonn Ríocht na Danmhairge leis an gCoimisiún go bhfuil cosaint le tabhairt cheana féin tráth an táirgthe, ach amháin má úsáidtear an t-ainm atá cláraithe mar ATFC go neamhdhleathach ag an tráth sin. Ní úsáid neamhdhleathach í, áfach, ainmneacha cláraithe a úsáid ar tháirgí atá ceaptha lena n-onnmhairiú chuig tríú tíortha. Níl aon oibleagáid ann mar sin cosc a chur ar úsáid an ainm 'Feta' le haghaidh cáis a tháirgtear sa Danmhairg, ach a bheartaítear í a onnmhairiú chuig tríú tíortha. Dá mbeadh sé ar intinn reachtóir an Aontais go gcumhdófaí onnmhairí chuig tríú tíortha faoi Rialachán Uimh. 1151/2012, bheadh air é sin a lua go sainráite.

38. Nuair a bhreathnaítear uirthi i gcomhthéacs an chreata léirmhínithigh um léirscaoileadh trádála, tá argóint den sórt sin áititheach. Is constaic ar thrádáil é toirmeasc ar úsáid ainm faoina gcuirtear táirge onnmhairithe ar an margadh.[24] Féadtar glacadh leis mar sin, faoi chreat léirmhínitheach um léirscaoileadh trádála, nach féidir a leithéid de chonstaic a bheith intuigthe, ach nach mór é a shamhlú go sainráite agus, chun bheith dleathach, ní mór údar a bheith leis agus ní mór dó a bheith comhréireach freisin. Le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, tacaíonn Ríocht na Danmhairge lena hargóint trína gceanglaítear go ndéanfaí onnmhairí chuig tríú tíortha a lua go sainráite. I bhfianaise na n-iarmhairtí d'onnmhaireoirí cáise faoin ainm 'Feta', maíonn sí gur cheart go mbeadh toirmeasc ar onnmhairí den sórt sin soiléir ar bhonn fhorálacha Rialachán Uimh. 1151/2012.

39. In iarracht aghaidh a thabhairt ar argóintí den sórt sin laistigh den chreat léirmhínitheach um léirscaoileadh trádála, maíonn an Coimisiún nach ionann a léiriú, faoina bhfuil úsáid an ainm 'Feta' le cosc freisin má tá an táirge beartaithe lena onnmhairiú chuig tríú tíortha, agus toirmeasc onnmhairíochta toisc gur féidir le táirgeoirí na Danmhairge an cháis a onnmhairiú fós; ach ní féidir leo 'Feta' a thabhairt air. Mar sin féin, fiú murar toirmeasc onnmhairíochta é, tá an toirmeasc ar úsáid an ainm sin fós ina chonstaic ar onnmhairí. Mar sin, ó thaobh an chreata léirmhínithigh um léirscaoileadh trádála de, níl argóint an Choimisiúin diongbháilte.

40. Ag freagairt dó, áfach, laistigh dá chreat léirmhínitheach féin, sonraíonn an Coimisiún eisiamh Ríocht na Danmhairge ar onnmhairí chuig tríú tíortha mar iarracht chun maolú ar fhoclaíocht Rialachán Uimh. 1151/2012 a thabhairt isteach. Leis an bhfoclaíocht sin, ó thaobh chreat léirmhínitheach na maoine intleachtúla de, cuirtear cosc soiléir ar aon úsáid a bhaintear as ainmneacha atá cláraithe mar ATFCanna. Mar sin dealraíonn sé go bhfuil eisiamh sainráite na n-onnmhairí chuig tríú tíortha iomarcach ón taobh sin de.

[24] Sa chéad chás 'Feta', maidir le bearta na Gréige lenar cuireadh cosc ar mhargú cáise ón Danmhairg ar a raibh an t-ainm 'Feta', mheas an tAbhcóide Ginearálta Ruiz-Jarabo Colomer go raibh bearta den sórt sin ina gconstaic ar shaorghluaiseacht earraí agus mar sin bhíothas gafa le rialacha an Aontais lena dtoirmisctear bearta a bhfuil éifeacht choibhéiseach acu ar allmhairí (ar a dtugtar Airteagal 34 CFAE anois). Bhí an tAbhcóide Ginearálta den tuairim, áfach, go bhféadfaí údar a thabhairt le bearta den sórt sin, fiú amháin dá mba chonstaic ar thrádáil iad, trí mhaoin thionsclaíoch agus tráchtála a chosaint. Féach fonóta 11 den Tuairim seo.

(b) Argóintí maidir leis an gcomhthéacs

41. De réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais, cuimsítear i measúnú na scéime ginearálta agus comhthéacs forála de dhlí an Aontais, *inter alia*, forálacha eile den bheart céanna, mar aon le bearta eile a bhaineann nó atá nasctha ar bhealach substainteach éigin leis an mbeart i gceist.[25] Braitheann an dá pháirtí ar fhorálacha eile de Rialachán Uimh. 1151/2012, agus ar bhearta AE gaolmhara eile chun tacú lena gcuid seasaimh.

42. Go háirithe, áitíonn Ríocht na Danmhairge gur iomarcach iad aithrisí 20 agus 27 de Rialachán Uimh. 1151/2012, lena n-éilítear sásraí chun ainmniúcháin tionscnaimh AE a chosaint ar an leibhéal idirnáisiúnta tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) agus trí chomhaontuithe déthaobhacha agus iltaobhacha idirnáisiúnta a shíniú,[26] más rud é go mbaineann Rialachán Uimh. 1151/2012 é féin le honnmhairí. Os a choinne sin, is é tuairim an Choimisiúin nach féidir na haithrisí céanna a léiriú mar aithrisí a chiallaíonn go mbeadh gá le comhaontuithe idirnáisiúnta chun a áirithiú nach mbainfeadh táirgeoirí AE an bonn d'iarrachtaí an Aontais ATFCanna a chosaint ar an leibhéal idirnáisiúnta. Tá comhaontuithe den sórt sin riachtanach chun táirgeoirí ATFC an Aontais a chosaint ar tháirgí bréige a chuireann táirgeoirí eachtracha ar mhargaí eachtracha. Tá léamh Ríocht na Danmhairge ar na haithrisí sin, dar leis an gCoimisiún, ag teacht salach ar a n-aidhm agus spreagann sé na Ballstáit an bonn a bhaint de chomhaontuithe den sórt sin.

43. Díríonn Poblacht na Cipire, a thacaíonn leis an gCoimisiún ina chreat léirmhínitheach um maoin intleachtúil, d'Airteagal 13(2) de Rialachán Uimh. 1151/2012. Foráiltear leis an bhforáil sin nach dtiocfaidh ATFCanna chun bheith cineálach. Tugann Poblacht na Cipire le fios nach bhfuil an fhoráil sin teoranta do chríoch an Aontais.

44. Agus an comhthéacs níos leithne á chur san áireamh, agraíonn Ríocht na Danmhairge bearta eile de chuid an Aontais a bhaineann le ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha a chosaint i ndáil le fíonta, biotáillí agus táirgí fíonta cumhraithe. Tugann sé le fios go bhfuil forálacha sna bearta sin a thagraíonn go sainráite d'onnmhairí chuig tríú tíortha.[27] Dá bhrí sin, trí thagairt shainráite den sórt sin i Rialachán Uimh. 1151/2012 a fhágáil ar lár, is léir go raibh sé beartaithe ag reachtóir an Aontais gan onnmhairí chuig tríú tíortha a chumhdach. De réir an Choimisiúin agus na n-idiragraithe, áfach, féadtar lua sainráite d'onnmhairí den sórt sin sna bearta sin a mhíniú trína raon feidhme níos leithne. Murab ionann agus Rialachán Uimh. 1151/2012, cumhdaíonn siad ceanglais a bhaineann le táirgí freisin. Thairis sin, ní luaitear tagairtí d'onnmhairí chuig tríú tíortha sna ranna ábhartha maidir le tásca geografacha.[28] Is é an

[25] Féach, mar shampla, breithiúnas an 2 Bealtaine 2019, *Fundación Consejo Regulador de la Denominación de Origen Protegida Queso Manchego* (C-614/17, EU:C:2019:344, míreanna 23 go 28).

[26] Sonraítear in aithris 20 de Rialachán Uimh. 1151/2012 sa chuid ábhartha: 'Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le hainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha a fhorbairt ar leibhéal an Aontais agus maidir le cruthú sásraí a chur chun cinn lena gcosaint i dtríú tíortha faoi chuimsiú na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) nó comhaontuithe iltaobhacha nó déthaobhacha, agus, sa tslí sin, ag cur leis an aitheantas a thugtar do cháilíocht na dtáirgí agus dá samhail táirgthe mar thoisce bhreisluacha.' Ina theannta sin, luaitear in aithris 27 de Rialachán Uimh. 1151/2012 go ndéanann AE 'caibidlíocht faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta lena n-áirítear na cinn a bhaineann le hainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha faoi chosaint lena chomhpháirtithe trádála' agus d'fhonn cosaint agus rialú na húsáide a mbaintear as na hainmneacha sin a áirithiú, féadfar iad a iontráil i gclár na ATFCanna agus TGFCanna.

[27] Maidir le fíonta, féach Rialachán Uimh. 1308/2013, go háirithe Airteagail 89, 119(1) agus 122(4). Maidir le deochanna biotáilleacha, féach Rialachán 2019/787, Airteagal 1(2) agus aithris 7. Maidir le táirgí fíona cumhraithe, féach Rialachán Uimh. 251/2014, Airteagal 1(3) agus aithris 6.

[28] Maidir le fíonta, féach Rialachán Uimh. 1308/2013, Airteagail 93 go 111. Maidir le deochanna biotáilleacha, féach Rialachán 2019/787, Airteagail 21 go 42. Maidir le táirgí fíona cumhraithe, trí leasuithe a tugadh isteach le Rialachán 2021/2117, aistríodh na forálacha maidir le tásca geografacha táirgí den sórt sin a chosaint faoi raon feidhme Rialachán Uimh. 1151/2012 (féach Rialachán 2021/2117, Airteagal 3 agus aithris 77). Ní bhaineann na forálacha de Rialachán Uimh. 251/2014 anois ach le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú táirgí fíona cumhraithe, agus níl aon athrú tagtha ar na tagairtí d'onnmhairí chuig tríú tíortha.

tátal a bhaintear as sin ná nach bhféadtar an fíoras go ndéantar onnmhairí chuig tríú tíortha a lua go sainráite sna bearta sin a úsáid mar argóint go gciallaíonn sé nach bhfuil feidhm ag Rialachán Uimh. 1151/2012 maidir le honnmhairí den sórt sin de bharr easpa tagartha dá leithéid sa Rialachán sin.

45. Agus í ag dul isteach i gcreat léirmhínitheach na maoine intleachtúla, áitíonn Ríocht na Danmhairge go bhfuil forálacha sainráite maidir le honnmhairí chuig tríú tíortha i mbearta eile AE i réimse na gceart maoine intleachtúla.[29] Dá gcuirfí Rialachán Uimh. 1151/2012 i bhfeidhm ar onnmhairí chuig tríú tíortha, bheadh air sin a lua freisin.

46. Maidir leis an gcomhthéacs níos leithne, agraíonn an Coimisiún Rialachán Uimh. 608/2013,[30] lena bhforáiltear do chosaint aonfhoirmeach cearta maoine intleachtúla (lena n-áirítear ATFCanna) i nósanna imeachta custaim, lena n-áirítear nuair a bheartaítear iad a onnmhairiú chuig tríú tíortha. Faoin Rialachán sin, féadfaidh údaráis chustaim, mar shampla, earraí a scriosadh nuair a sháraítear cearta maoine intleachtúla dá bharr. D'áireofaí leis sin ATFCanna bréige atá beartaithe iad a onnmhairiú, ar argóint í a thacaíonn le toirmeasc ar úsáid ainmneacha cláraithe ar tháirgí arna dtáirgeadh san Aontas agus atá beartaithe lena n-onnmhairiú chuig tríú tíortha.

(c) Argóintí maidir le cuspóirí

47. Tá cuspóirí iolracha ag gach píosa reachtaíochta AE, nó b'fhéidir go dtuigfí ar a laghad go bhfuil cuspóirí iolracha acu. Áirítear i Rialachán Uimh. 1151/2012 roinnt cuspóirí in Airteagail 1(1) agus 4 de. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis na creataí léirmhínitheacha éagsúla, leagann na páirtithe béim ar na cuspóirí a shaothraítear leis an Rialachán sin maidir le cosaint tomhaltóirí nó cosaint maoine intleachtúla.

48. Leagann Ríocht na Danmhairge béim ar an gcuspóir faisnéis cheart a áirithiú do thomhaltóirí. Braitheann sí, dá bhrí sin, ar Airteagal 1(1) de Rialachán Uimh. 1151/2012, ina sonraítear gurb é ceann de chuspóirí an Rialacháin sin cabhrú le táirgeoirí saintréithe an táirge a chur in iúl do thomhaltóirí. Nuair a léitear é i bhfianaise aithrisí 2, 29 agus 40 de Rialachán Uimh. 1151/2012,[31] is léir, de réir Ríocht na Danmhairge, go bhfuil tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach á gcur san áireamh sa Rialachán sin. Toisc nach dtarchuirtear faisnéis faoi tháirgí chuig tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach le táirgí a mhargaítear lasmuigh den Aontas, trí Rialachán Uimh. 1151/2012 a fhorléiriú mar thagairt d'onnmhairí chuig tríú tíortha, ní chuirtear lena chuspóir.

[29] Mar atá léirithe ag Ríocht na Danmhairge, áirítear sna bearta sin, *inter alia*, Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle an 12 Nollaig 2001 maidir le dearaí Comhphobail (IO 2002 L 3, lch. 1), Airteagal 19(1); Treoir (AE) 2015/2436 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trádmharcanna (IO 2015 L 336, lch. 1), Airteagail 10(3)(c), 11(b) agus 16(5)(b); Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh (IO 2017 L 154, lch. 1), Airteagail 9(3)(c), 10(b) agus 18(1)(b).

[30] Rialachán (AE) Uimh. 608/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir leis an bhforghníomhú a dhéanann údaráis chustaim ar chearta maoine intleachtúla agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1383/2003 ón gComhairle (IO 2013 L 181, lch. 15).

[31] Sonraítear in aithris 2 de Rialachán Uimh. 1151/2012: 'Is minice ná riamh anois a éilíonn saoránaigh agus tomhaltóirí san Aontas táirgí atá ar ardchaighdeán, mar aon le táirgí traidisiúnta. Is cúram dóibh freisin an éagsúlacht atá i dtáirgeadh talmhaíochta an Aontais a chothabháil. Cruthaíonn an méid sin éileamh ar tháirgí talmhaíochta agus ar bhia-earraí lena mbaineann saintréithe sonracha inaitheanta, go háirithe na cinn a nasctar lena dtionscnamh geografach.' Foráiltear le haithris 29 den Rialachán sin i gcuid ábhartha: 'Ba cheart cosaint a dheonú d'ainmneacha a áirítear sa chlár agus é mar aidhm a áirithiú go mbainfear úsáid astu ar bhealach cóir agus chun cleachtais a d'fhéadfadh tomhaltóirí a chur amú a chosc.' Ina theannta sin, sonraítear in aithris 40 de: 'D'fhonn ainmneacha cláraithe a chosaint ar mhí-úsáid nó ar chleachtais a d'fhéadfadh tomhaltóirí a chur amú, ba cheart úsáid na n-ainmneacha sin a fhorchoimeád.'

49. Séanann an Coimisiún gurb é an t-aon chuspóir, nó go deimhin príomhchuspóir Rialachán Uimh. 1151/2012 ná cosaint a thabhairt do thomhaltóirí an Aontais. Os a choinne sin, maíonn an Coimisiún go bhfuil cosaint úinéirí cearta maoine intleachtúla bunaithe ar ATFCanna i measc na gcuspóirí is tábhachtaí de Rialachán Uimh. 1151/2012. Ní chosnaítear a gcearta ach amháin má fhorléirítear Rialachán Uimh. 1151/2012 mar Rialachán a bhfuil feidhm aige freisin maidir le honnmhairí chuig tríú tíortha. Le cosaint den sórt sin, cinntítear iomaíocht chóir do tháirgeoirí ATFC. Tá sé sin i gcomhréir le cuspóirí an chomhbheartais talmhaíochta 'caighdeán cóir maireachtála a áirithiú don lucht talmhaíochta, go háirithe trí thuilleamh gach duine dá mbíonn ag gabháil don talmhaíocht a mhéadú', mar atá sonraithe in Airteagal 39 CFAE. Tugann an Coimisiún chun suntais gurb é bunús dlí Rialachán Uimh. 1151/2012, i dteannta le hAirteagal 118 den CFAE a bhaineann le cearta maoine intleachtúla, Airteagal 43(2) den CFAE ina bhforáiltear d'inniúlacht an Aontais bearta a ghlacadh chun cuspóirí an chomhbheartais talmhaíochta a bhaint amach.

50. Braitheann Ríocht na Danmhairge freisin ar Airteagal 1(1)(d) de Rialachán Uimh. 1151/2012, ag sonrú shláine an mhargaidh inmheánaigh mar cheann de na cuspóirí. Tuigeann sí go gciallaíonn an fhoráil sin go mbaineann Rialachán Uimh. 1151/2012 leis an margadh inmheánach, agus ní le margaí tríú tíortha. Freagraíonn an Coimisiún d'argóintí den sórt sin trína shonrú go bhfuil an cuspóir maidir le sláine an mhargaidh inmheánaigh a chosaint i gcontúirt iarbhír trí úsáid neamhdhleathach na ATFCanna atá cláraithe san Aontas ar mhargaí tríú tíortha.

(d) Argóintí maidir le stair na reachtaíochta

51. Áitíonn Ríocht na Danmhairge gur mhol an Pharlaimint, le linn an phróisis reachtaigh, fomhír bhreise a chur isteach in Airteagal 13(3) de Rialachán Uimh. 1151/2012 mar a moladh ar dtús.[32] Is mar seo a leanas a bhí an leasú molta: 'Chun cosc a chur ar an margaíocht san Aontas *nó ar an onnmhairiú chuig tríú tíortha* maidir le táirgí nach bhfuil lipéadaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 53 maidir le sainiú na ngníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme ag na Ballstáit ina leith sin.' [Aistriúchán neamhoifigiúil][33] Níor cuireadh an leasú sin isteach, áfach, sa leagan deiridh de Rialachán Uimh. 1151/2012. Toisc gur bhreithnigh reachtóir an Aontais onnmhairí chuig tríú tíortha, ach nár áirigh sé iad sa téacs deiridh, is é an tátal a bhaineann Ríocht na Danmhairge as nach gcumhdaítear onnmhairí den sórt sin faoi raon feidhme an Rialacháin sin.

52. Míníonn an Coimisiún nár cuireadh an leasú i gceist sa leagan deiridh de Rialachán Uimh. 1151/2012 toisc gur bheartaigh sé cumhachtaí tarmligin a dheonú don Choimisiún, agus ní mar gheall gur luadh onnmhairí ann.

53. Agraíonn Ríocht na Danmhairge freisin tuairim Choiste na Réigiún maidir le togra an Choimisiúin.[34] Bhain ceann dá rannóga a bhí dírithe ar mholtaí beartais le 'cáilíocht a chosaint agus a chur chun cinn sa trádáil idirnáisiúnta'. Sa chomhthéacs sin, d'iarr Coiste na Réigiún go

[32] Féach an Coimisiún Eorpach, Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta táirgí talmhaíochta, COM(2010) 733 final, 10 Nollaig 2010. Ba é seo a leanas an fhoclaíocht a moladh ar dtús d'Airteagal 13(3) sa togra sin: 'Déanfaidh na Ballstáit na bearta riaracháin agus dlíthiúla iomchuí ar mhaithe le húsáid neamhdhleathach na n-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus na dtásc geografach faoi chosaint dá dtagraítear i mír 1 a chosc nó a stopadh, go háirithe ar iarratas ó ghrúpa táirgeoirí mar a fhoráiltear dó i bpointe (a) d'Airteagal 42.'

[33] Féach tuarascáil ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta táirgí talmhaíochta, dréacht rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa, A7-0266/2011, 12 Iúil 2011, leasú 55. Béim curtha leis.

[34] Féach an tuairim ó Choiste na Réigiún maidir le 'I dtreo beartas Eorpach uaillmhianach do scéimeanna beartais talmhaíochta' [Aistriúchán neamhoifigiúil], 12 Bealtaine 2011 (IO 2011 C 192, lch. 28) ('Tuairim Choiste na Réigiún'), roinn C.

ndéanfaí 'bearta sonracha maidir le táirgí nach bhfuil a lipéadú ag cloí leis an reachtaíocht lena rialaítear cáilíocht tháirgí talmhaíochta an Aontais ionas go ndéanfaí an díol de na táirgí laistigh den Aontas *nó a onnmhairiú chuig tíortha neamh-AE* a sheachaint'. [Aistriúchán neamhoifigiúil] [35] Measann Ríocht na Danmhairge nár léiríodh an fhoclaíocht a thagraíonn d'onnmhairí i dtéacs deiridh Rialachán Uimh. 1151/2012 de bharr gur chinn reachtóir an Aontais gan onnmhairí chuig tríú tíortha a áireamh faoi raon feidhme Rialachán Uimh. 1151/2012. Míníonn an Coimisiún, áfach, gur tríd an leasú a mhol an Pharlaimint i ndáiríre go luaitear in Airteagal 13(3) de Rialachán Uimh. 1151/2012 an oibleagáid atá ar na Ballstáit úsáid neamhdhleathach de ATFCanna agus de TGFCanna 'a tháirgfear nó a mhargófar sa Bhallstát sin' a chosc nó a stopadh. Ní féidir a thabhairt le tuiscint, dá bhrí sin, ón bpointe seo de thuairim Choiste na Réigiún nach raibh sé beartaithe onnmhairí chuig tríú tíortha a chumhdach le Rialachán Uimh. 1151/2012.

(e) Argóintí maidir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais

54. Tá Ríocht na Danmhairge ag brath ar bhreithiúnas an 10 Nollaig 2002, *British American Tobacco (Investments) agus Imperial Tobacco*. [36] D'eascair an cás sin as tarchur le haghaidh réamhrialú maidir le léiriú agus bailíocht threoir AE maidir le monarú, cur i láthair agus díol táirgí tobac. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais, i measc nithe eile, nach raibh feidhm ag Airteagal 7 den treoir sin, a bhain le tuairiscí táirgí, ach amháin maidir le toitíní a mhargaítear laistigh den Aontas, agus ní na toitíní a onnmhairítear chuig tríú tíortha. Cuireann Ríocht na Danmhairge in iúl gur tháinig an Chúirt Bhreithiúnais ar an tátal sin trína bheith ag brath ar chomhthéacs agus ar chuspóirí na treorach atá i gceist chun teacht ar an gconclúid an raibh sé beartaithe ag reachtóir an Aontais an fhoráil sin a leathnú chuig onnmhairí chuig tríú tíortha. Measann an Coimisiún, as a chuid féin, go bhfuil comhthéacs an bhreithiúnais in *BAT* difriúil le breithiúnas an cháis seo, toisc gurbh é cuspóir na treorach a bhí i gceist sa bhreithiúnas sin feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú, ach baineann an cás reatha le sárú ar chearta maoine intleachtúla arna n-aithint i ndlí an Aontais.

55. Chun seasamh lena argóint go raibh sé d'oibleagáid ar reachtóir an Aontais onnmhairí chuig tríú tíortha a lua go sainráite chun é a thabhairt faoi raon feidhme Rialachán Uimh. 1151/2012, tá Ríocht na Danmhairge ag brath freisin ar bhreithiúnas an 24 Meán Fómhair 2019, *Google (Raon feidhme críochach maidir le tagairtí a bhaint)*. [37] Bhain an cás sin le raon feidhme críochach an chirt chun díthagairt a dhéanamh agus le héifeachtaí seach-chríochacha ionchasacha de Threoir 95/46 [38] agus dá comharba, Rialachán 2016/679. [39] Chinn an Chúirt Bhreithiúnais nár léir go raibh sé i gceist ag reachtóir an Aontais oibleagáid díthagartha a fhorchur ar oibreoir, ar nós Google, a théann thar chríoch na mBallstát. Dá bhrí sin, ní raibh feidhm ag forálacha ábhartha Threoir 95/46 agus Rialachán 2016/679 lasmuigh den Aontas. Freagraíonn an Coimisiún trína shonrú go mbaineann an breithiúnas *Google* le cur i bhfeidhm seach-chríochach féideartha dhlí an Aontais. Sa chás seo, áfach, mar a mhíníonn sé, níl an Coimisiún ag iarraidh reachtaíocht an Aontais a chur i bhfeidhm ar thríú tír. Ní bhaineann an cás ach le cur i bhfeidhm Rialachán Uimh. 1151/2012 san Aontas é féin. Mar sin, níl an breithiúnas *Google* ábhartha sa chás seo.

35 Féach tuairim Choiste na Réigiún, dá dtagraítear i bhfonóta 34 den Tuairim seo, pointe 24. Béim curtha leis.

36 C-491/01, EU:C:2002:741 ('an breithiúnas *BAT*'), míreanna 203 go 217.

37 C-507/17, EU:C:2019:772 ('an breithiúnas *Google*'), míreanna 53 go 65.

38 Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO 1995 L 281, lch. 31).

39 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1), agus ceartúchán (IO 2018 L 127, lch. 2).

(f) Conclúid eatramhach

56. Níl aon cheann de na hargóintí sin, cibé an mbaineann siad nó nach mbaineann siad le foclaíocht, comhthéacs, cuspóirí nó stair reachtach Rialachán Uimh. 1151/2012, dar liomsa, cinntitheach, chun ceann amháin den dá léiriú chontrártha a chur in iúl. Is gá, dá bhrí sin, rogha a dhéanamh idir an dá chreat léirmhínitheacha agus tacú leis na hargóintí sin a thugann údar maith don réiteach a thairgeann an creat roghnaithe.

3. Ní mór Rialachán Uimh. 1151/2012 a léiriú mar Rialachán lena dtoirmisctear 'Feta bréige' a onnmhairiú chuig tríú tíortha.

57. Mar a nocht mé i dtosach, tacaím, agus molaim don Chúirt glacadh le, léiriú an Choimisiúin go mbaineann Rialachán Uimh. 1151/2012 freisin le táirgí a tháirgtear sna Ballstáit, ach atá beartaithe iad a onnmhairiú chuig tríú tíortha.

58. Tháinig mé ar an tátal sin ar dhá phríomhchúis. Ar an gcéad dul síos, is féidir toradh den sórt sin a chosaint i gcomhthéacs an dá chreat léirmhínitheacha, eadhon, iad siúd a bhaineann le maoin intleachtúil agus léirscaoileadh trádála. Os a choinne sin, ní fhéadfaidh an léiriú nach bhfuil feidhm ag Rialachán Uimh. 1151/2012 maidir le táirgí ar a bhfuil ainmneacha cláraithe agus atá beartaithe a onnmhairiú chuig tríú tíortha, oibriú ach amháin i gcomhthéacs an chreata léirmhínithigh um léirscaoileadh trádála. Ar an dara dul síos, sa mhéid is go bhféadfadh rún neamh-dhébhríoch reachtóir an Aontais a bheith ann agus go bhféadfaí é a 'aimsiú', measaim go n-oireann an léiriú atá beartaithe ar bhealach níos fearr don chaoi a dtuigim rún reachtóir an Aontais atá mar bhunús le cosaint ainmniúchán tionscnaimh agus na dtásc geografach.

59. Maidir leis an gcéad chúis a bhfuil agam, níl aon dabht ach go bhfuil saorthrádáil ar cheann de na luachanna arna n-urramú ag ord dlíthiúil an Aontais orthu. Mar sin féin, is cinnte nach raibh léirscaoileadh trádála an t-aon fhórsa spreagtha, nó fiú an ceann is tábhachtaí. Ag tosú go luath sa chásdlí, d'aithin an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil leasanna na saorthrádála le cothromú le leasanna eile.[40] Is fíor go bhfuil an anailís bhreithiúnach ar rialacha nuair a dhéantar í i gcomhthéacs an chreata léirmhínithigh um léirscaoileadh trádála ag eascairt ón mbonn go bhfuil toirmeasc ar chonstaicí ar thrádáil. Mar sin féin, féadtar constaic a chinneadh mar inghlactha, ar choinníoll go bhfuil bonn cirt leis agus go bhfuil sé comhréireach le leasanna eile seachas trádáil, amhail cosaint an chomhshaoil, cosaint tomhaltóirí nó cosaint maoine intleachtúla, gan ach beagán a lua.

60. Tá an chosaint de shonrúcháin tionscnaimh agus de thásca geografacha tábhachtach ó thaobh na trádála de, gan amhras. De réir staidéir le déanaí,[41] tá luach eacnamaíoch suntasach ag an réimeas seo don Aontas, le díolacháin mheasta de bhreis is EUR 77 billiún in 2017 agus sciar suntasach de dhíolacháin lasmuigh den Aontas cothrom le 22 %. Dá bhrí sin cruthaíonn sé deiseanna trádála tábhachtacha do tháirgeoirí ATFC. Ar an lámh eile, bíonn constaicí trádála do dhaoine eile mar thoradh ar na deiseanna sin, a chruthaítear trína gcuid cearta a chosaint. Tá an toirmeasc ar an ainm 'Feta' a úsáid le haghaidh táirgí a chuirtear ar mhargaí tríú tíortha ina chonstaic ar onnmhairí. Ní dhéanfar aon difear le hargóint an Choimisiúin nach ionann

[40] Chun sampla clasaiceach a ghlacadh, cheana féin i mbreithiúnas an 20 Feabhra 1979, *Rewe-Zentral (Cassis de Dijon)* (120/78, EU:C:1979:42), mhéadaigh an Chúirt Bhreithiúnais liosta na bhfírinniú a d'fhéadfadh a bheith ann chun constaicí ar thrádáil a choinneáil i gcomparáid leis an gceann a shamhlaítear leis na Conarthaí agus d'fhág sí an liosta ar oscailt.

[41] Féach, mar shampla, an Coimisiún Eorpach, *Study on economic value of EU quality schemes, geographical indications (GIs) and traditional specialities guaranteed (TSGs)*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2021.

toirmeasc den sórt sin agus toirmeasc ar onnmhairiú, ós rud é gur féidir an cháis a mhargú faoi ainm eile. Tá constaic ar onnmhairí chuig tríú tíortha ann cheana nuair a bhíonn sé níos deacra na honnmhairí a onnmhairiú.

61. Mar sin féin, tá constaicí ar thrádáil arna gcruthú ag reachtaíocht náisiúnta nó AE ceadaithe má tá údar leo. D'aontóinn le Ríocht na Danmhairge go dteipfeadh ar an bhfírinniú atá bunaithe ar chosaint tomhaltóirí (lena gcumasaítear an fhaisnéis inchreidte faoin táirge) sa tástáil oiriúnachta cheana féin, go háirithe más iad na tomhaltóirí atá le cosaint ná na tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach. Ní féidir le 'Feta bréige' a dhéantar a onnmhairiú na tomhaltóirí sin a chur amú, toisc nach bhfuil siad i láthair i margaí tríú tíortha. Dá bhrí sin, ní féidir údar imní a bhaineann le cosaint tomhaltóirí a thabhairt don chonstaic ar thrádáil a chruthaítear leis an léiriú faoina bhfuil feidhm freisin ag Rialachán Uimh. 1511/2012 le honnmhairiú na dtáirgí chuig tríú tíortha.

62. Mar sin féin, táim den tuairim gur féidir údar a thabhairt don toirmeasc ar onnmhairiú chuig tríú tíortha de 'Feta bréige' a tháirgtear ar chríoch an Aontais, ar chúiseanna atá bunaithe ar chosaint cearta maoine intleachtúla. Fiú murar féidir leis an Aontas margaí tríú tíortha a rialáil lena reachtaíocht féin agus más féidir le ATFCanna an Aontais a bheith neamhchosanta ar iomaíocht ó tháirgí bréige ar na margaí sin, le rannpháirtíocht táirgí bréige arna dtáirgeadh san Aontas déantar níos measa fós staid iomaíoch na bhfíor-ATFCanna ar mhargaí den sórt sin. Tá toirmeasc ar onnmhairiú cáise ar a dtugtar 'Danish Feta' a tháirgtear sa Danmhairg chuig tríú tíortha faoi réim chumhachtaí reachtacha an Aontais[42] ach, mar shampla, níl toirmeasc ar dhíol 'Wisconsin Feta'[43] ar mhargadh na Stát Aontaithe faoina réim. Is é mo thuairim nach bhfuil sé díréireach go ndéanfadh an tAontas an méid is féidir leis chun seasamh iomaíoch tháirgeoirí ATFC an Aontais a chosaint. Ar an gcúis sin, ní féidir an easpa cosanta do ATFCanna an Aontais sna margaí i dtríú tíortha a úsáid mar argóint chun a éileamh nach ndéantar leis an léiriú ar Rialachán Uimh. 1151/2012 i dtaca le honnmhairí chuig tríú tíortha, an tástáil chomhréireachta a chomhlíonadh nuair a chuirtear cosaint maoine intleachtúla ar fáil mar bhonn cirt. Dá bhrí sin, is cosúil go bhfuil léiriú Rialachán Uimh. 1151/2012 lena dtoirmisctear 'Feta bréige' a onnmhairiú chuig tríú tíortha inchosanta fiú i gcomhthéacs an chreata léirmhínithigh um léirscaoileadh trádála.

63. É sin ráite, agus ag bogadh go dtí an dara cúis a bhfuil agam, táim den tuairim freisin le creat léirmhínitheach na maoine intleachtúla go dtugtar míniú leordhóthanach ar an rún reachtach atá taobh thiar de Rialachán Uimh. 1151/2012. De réir an chreata léirmhínithigh sin, is é is aidhm do ATFCanna mar chearta maoine intleachtúla iomaíocht chóir a éascú do tháirgeoirí de tháirgí ATFC mar mhalairt ar a n-iarrachtaí chun ardchaighdeán a gcuid táirgí a chothabháil agus a ráthú. Cuireann sé sin ar chumas gnólachtaí traidisiúnta maireachtáil agus áirithítear éagsúlacht na dtáirgí sa mhargadh. Mar sin, le dearcadh den sórt sin cuirtear leasanna eile seachas leasanna eacnamaíocha san áireamh, atá mar chuid freisin de thuairimí shaoránaigh an Aontais maidir le cad í dea-cháilíocht beatha.[44]

64. Léiriú amháin ar 'thoil an reachtóra', atá infhionnta go hoibiachtúil i ndlí an Aontais, is ea an bunús dlí le beart a roghnú. Glacadh Rialachán Uimh. 1151/2012 bunaithe ar an débhunús dlí d'Airteagal 43(2) agus d'Airteagal 118 CFAE. Léiríonn sé sin gurb é an príomhsmaoineamh atá

[42] Mar a míníodh cheana, ní chuireann Ríocht na Danmhairge i gcoinne inniúlacht den sórt sin. Ní áitíonn sí ach nár feidhmíodh ínuair a glacadh Rialachán Uimh. 1151/2012.

[43] Tá an t-ainm seo cumtha.

[44] Féach, chuige sin, Davies, G., 'Free Movement, the Quality of Life and the Myth that the Court Balances Interests', in Koutrakos, P. et al. (eag.), *Exceptions from EU Free Movement Law: Derogation, Justification and Proportionality*, Hart Publishing, Oxford, 2016, lch. 214.

taobh thiar den Rialachán sin staid tháirgeoirí talmhaíochta an Aontais a fheabhsú trí chosaint maoine intleachtúla a sholáthar do tháirgí a bhaineann le bealaí traidisiúnta táirgthe, a chleachtaítear i limistéir gheografacha áirithe agus a bhfuil nasc acu leo. Tá focal ag an bhFraincis chun cur síos a dhéanamh ar an nasc speisialta seo idir cáilíocht na dtáirgí agus a dtionscnamh geografach – *terroir*.[45]

65. Tá an tAontas, ag tosú ó na 1970idí, ag bunú líonra beart lena rialaítear agus lena gcosnaítear cineálacha áirithe táirgí a bhfuil ainmniúcháin tionscnaimh nó tásca geografacha acu agus na coinníollacha lena rialaítear deonú, cosaint agus faireachán na dtáirgí sin.[46] I dteannta le táirgí talmhaíochta agus bia, cumhdaítear leis na bearta sin fíon, biotáillí agus táirgí fíona cumhraithe. Tá Rialachán Uimh. 1151/2012 ina phríomhionstraim dlí sa scéim sin.[47]

66. Le Rialachán Uimh. 1151/2012, bunaítear córas aonfhoirmeach uileghabhálach chun ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha do tháirgí talmhaíochta agus bia a chosaint.[48] Leagtar síos ann nós imeachta chun táirgí den sórt sin a chlárú ar leibhéal an Aontais, ionas go mbeidh a gcosaint faoi ráthaíocht i ngach Ballstát.[49]

67. Is é sainiúlacht na ATFCanna, chomh maith le tásca geografacha eile faoi chosaint, mar chineál cirt maoine intleachtúla san Aontas murab ionann agus cearta maoine intleachtúla eile, níos tábhachtaí fós trádmharcanna,[50] ná go mbraitheann sé ar fhorfheidhmiú poiblí, agus ní ar fhorfheidhmiú príobháideach amháin.[51] Is ar an ábhar sin a chuireann Rialachán Uimh. 1151/2012 oibleagáid ar na Ballstáit úsáid neamhdhleathach ainmneacha atá cláraithe mar ATFCanna a chosc nó a stopadh. Is féidir úsáid forghníomhaithe phoiblí a thuiscint sa chomhthéacs inar forbraíodh cosaint na ATFCanna san Aontas – mar mhodh chun ioncam cóir a chosaint agus a ráthú do tháirgeoirí traidisiúnta nach gá go mbeadh an t-eolas (nó cistiú) acu chun a gcearta a chosaint trí fhorfheidhmiú príobháideach.

[45] Tá fréamhacha ag an smaoineamh comhaimseartha maidir le tásca geografacha a chosaint mar chearta maoine intleachtúla sa choincheap Francach *terroir*, a forbraíodh i ndáil le fíon. Is féidir é a rianú chomh fada siar leis na hiarrachtaí chun calaois a chosc ar mhargadh fíona na Fraince tar éis scrios na bhfíonghort ag fiollacsara. Féach Calboli, I., 'Geographical Indications between Trade, Development, Culture, and Marketing: Framing a Fair(er) System of Protection in the Global Economy?', in Calboli, I. agus Wee Loon, N.-L. (eag.), *Geographical Indications at the Crossroads of Trade, Development, and Culture: Focus on Asia-Pacific*, Cambridge University Press, Cambridge, 2017, lch. 3. Féach freisin, mar shampla, Chaisse, J. *et al.* (eag.), *Wine Law and Policy: From National Terroirs to a Global Market*, Brill Nijhoff, Leiden, 2021. Zappalaglio, A., *The Transformation of EU Geographical Indications Law: The Present, Past and Future of the Origin Link*, Routledge, Londain, 2021.

[46] Féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Deireadh Fómhair 2017, *an Coimisiún* v *an Chomhairle (Comhaontú Liospóin Athbhreithnithe)* (C-389/15, EU:C:2017:798, mír 15).

[47] Féach tuilleadh, mar shampla, Kireeva, I., 'The new European Regulation on Quality Schemes for Agricultural Products and Foodstuffs', in McMahon, J.A. agus Cardwell, M.N. (eag.), *Research Handbook on EU Agricultural Law*, Edward Elgar Publishing, Cheltenham, 2015, lch. 285; Nathon, N., 'The Protection of Geographical Indications for Agricultural Products in the European Union', in Sundara Rajan, M.T. (eag.), *The Cambridge Handbook of Intellectual Property in Central and Eastern Europe*, Cambridge University Press, Cambridge, 2019, lch. 349.

[48] Féach, chuige sin, breithiúnais an 8 Meán Fómhair 2009, *Budějovický Budvar* (C-478/07, EU:C:2009:521, mír 114), agus an 22 Nollaig 2010, *Bayerischer Brauerbund* (C-120/08, EU:C:2010:798, mír 59).

[49] Féach, chuige sin, breithiúnais an 9 Meitheamh 1998, *Chiciak agus Fol* (C-129/97 agus C-130/97, EU:C:1998:274, míreanna 25 agus 26), agus an 8 Meán Fómhair 2009, *Budějovický Budvar* (C-478/07, EU:C:2009:521, mír 107).

[50] Rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais freisin go bhfuil aidhmeanna éagsúla ag tásca geografacha agus trádmharcanna. Féach breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2017, *The Tea Board* v *EUIPO* (C-673/15 P go C-676/15 P, EU:C:2017:702, mír 62).

[51] Féach, chuige sin, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Pitruzzella in *Syndicat interprofessionnel de défense du fromage Morbier* (C-490/19, EU:C:2020:730, pointe 29).

68. Níl an smaoineamh sin formhuinithe ar fud an domhain. Roghnaigh tríú tíortha amhail Ceanada agus na Stáit Aontaithe cáilíocht na dtáirgí a chosaint trí choincheap na dtrádmharcanna (lena n-áirítear trádmharcanna comhchoiteanna). [52]

69. Ní féidir le reachtaíocht inmheánach an Aontais margaí tríú tíortha a rialáil chun an leibhéal céanna cosanta a ráthú do ATFCanna an Aontais agus mar atá acu sa mhargadh inmheánach. Ní féidir é sin a dhéanamh ach amháin tríd an gcaibidlíocht ar an leibhéal iltaobhach (ETD nó an Oifig Dhomhanda um Maoin Intleachtúil) nó ar leibhéal déthaobhach. Sin é an fáth a ndéanann an tAontas, mar chuid dá bheartas níos leithne um chosaint táirgí atá nasctha lena dtionscnamh geografach, gníomhaíocht ar an leibhéal idirnáisiúnta d'fhonn comhaontuithe a dhéanamh a sholáthróidh an leibhéal cosanta is leithne is féidir do thásca geografacha, lena n-áirítear ATFCanna. [53] Tá iarrachtaí an Aontais maidir le cosaint a áirithiú ar mhargaí tríú tíortha sonraithe go soiléir mar sprioc beartais sa bhrollach a ghabhann le Rialachán Uimh. 1151/2012. [54] Tá an beartas sin soiléir sa chaibidlíochtaí rathúla, a bheag nó a mhór, ar na comhaontuithe le tíortha amhail Ceanada, an tSín, Singeapór nó na Stáit Aontaithe, [55] chomh maith le hiarrachtaí an Aontais ar an leibhéal iltaobhach. [56]

70. Leis an luach suntasach cultúrtha agus eacnamaíoch atá ag an gcosaint sin do phobail áitiúla, spreagtar iarrachtaí an Aontais cosaint leordhóthanach a áirithiú do ATFCanna an Aontais ar mhargaí tríú tíortha. [57]

71. Dá bhrí sin tá taifead de ghníomhaíochtaí an Aontais atá mar chuid de bheartas inchreidte agus comhleanúnach de chuid an Aontais atá dírithe ar an leibhéal cosanta is airde is féidir do tháirgí AE ar féidir a gcáilíocht a aithint trína gceangal le limistéar geografach sainithe, trína bhféadtar iomaíochas na dtáirgeoirí de tháirgí den sórt sin a mhéadú.

72. Tá an beartas sin i bhfabhar raon feidhme Rialachán Uimh. 1151/2012 a léiriú mar raon feidhme ina nglactar leis an toirmeasc ar onnmhairiú ATFCanna bréige chuig margaí tríú tíortha. Mar a chuir an Phoblacht Heilléanach agus Poblacht na Cipire in iúl, ní bheadh sé loighciúil go deimhin don Aontas dul i mbun caibidlíocht maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta le tríú tíortha chun a cheangal orthu bearta a ghlacadh chun táirgeadh táirgí a bhfuil ainmneacha cláraithe orthu go neamhdhleathach a chosc agus ag an am céanna glacadh le cleachtas den sórt sin ar a chríoch féin maidir lena tháirgí féin.

73. Ina theannta sin, cuireann láithreacht ATFCanna bréige arna dtáirgeadh san Aontas ar mhargaí tríú tíortha leis an dearcadh go bhfuil a gcuid ainmneacha cineálach. Dá bharr sin bíonn sé níos deacra don Aontas trí chaibidlíocht a gcosaint a áirithiú ar na margaí sin. D'fhéadfadh go

[52] Le haghaidh difríochtaí idir cur chuige an Aontais agus cur chuige Cheanada nó na Stát Aontaithe maidir le tásca geografacha a chosaint, féach, mar shampla, Matthews, A., 'What Outcome to Expect on Geographical Indications in the TTIP Free Trade Agreement Negotiations with the United States?', agus O'Connor, B., 'The Legal Protection of GIs in TTIP: Is There an Alternative to the CETA Outcome', in Arfini, F. (eag.), *Intellectual Property Rights for Geographical Indications: What is at Stake in the TTIP*?, Cambridge Scholars Publishing, Newcastle upon Tyne, 2016, lgh. 1 agus 19.

[53] Le haghaidh liosta de na comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas trína gcosnaítear an t-ainm 'Feta' i dtríú tíortha, féach an clár GIview, atá ar fáil ag https://ec.europa.eu.

[54] Féach Rialachán Uimh. 1151/2012, aithrisí 20 agus 27.

[55] D'éirigh leis an Aontas caibidlíocht a dhéanamh ar chosaint an ainm 'Feta' i gcomhaontuithe a síníodh le Ceanada, leis an tSín agus le Singeapór. Féach fonóta 53 den Tuairim seo.

[56] Le haghaidh plé mionsonraithe, féach, mar shampla, Gangjee, D.S. (eag.), *Research Handbook on Intellectual Property and Geographical Indications*, Edward Elgar Publishing, Cheltenham, 2016; Blakeney, M., *The Protection of Geographical Indications: Law and Practice*, an dara heagrán, Edward Elgar Publishing, Cheltenham, 2019.

[57] Féach Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le gníomhaíocht an Aontais tar éis a aontachais le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (IO 2019 L 271, lch. 1), aithris 5.

deimhin, mar atá molta ag Poblacht na Cipire, le hAirteagal 13(2) de Rialachán Uimh. 1151/2012, lena samhlaítear nár cheart go dtiocfadh ATFCanna chun bheith cineálach [58] a úsáid chun tacú leis an seasamh go bhfuil feidhm ag Rialachán Uimh. 1151/2012 maidir le honnmhairí chuig tríú tíortha.

74. Dá bhrí sin, nuair a chuirtear faoi chuimsiú bheartas foriomlán an Aontais atá dírithe ar chosaint na ATFCanna mar chineál speisialta de cheart maoine intleachtúla sa mhargadh inmheánach agus i margaí tríú tíortha, is cosúil gur rogha inchreidte é Rialachán Uimh. 1151/2012 a léiriú mar Rialachán lena dtoirmisctear táirgí a úsáideann ainmneacha cláraithe go neamhdhleathach a onnmhairiú fiú chuig tríú tíortha nach bhfuil cosaint den sórt sin á cur ar fáil (go fóill). Dealraíonn sé gurb é an léiriú trína léirítear toil reachtóir an Aontais.

75. Ar bhonn na gcúiseanna go léir thuasluaite, molaim don Chúirt a chinneadh go bhfuil bunús maith leis an gcéad ghearán ón gCoimisiún agus a dhearbhú gur mhainnigh Ríocht na Danmhairge a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 13 de Rialachán Uimh. 1151/2012 gan cosc ná stop a chur le húsáid an ainm 'Feta' ar cháis a tháirgtear sa Danmhairg, ach atá beartaithe lena onnmhairiú chuig tríú tíortha nach bhfuil comhaontú idirnáisiúnta tugtha i gcrích ag an Aontas fós lena ráthaítear cosaint an ainm sin.

B. An dara gearán, lena líomhnaítear sárú ar an oibleagáid maidir le comhar dílis

76. Líomhain an Coimisiún go bhfuil sárú déanta ag Ríocht na Danmhairge ar Airteagal 4(3) CAE i gcomhar le hAirteagal 1(1) agus le hAirteagal 4 de Rialachán Uimh. 1151/2012. Deirtear go n-eascraíonn an sárú sin as mainneachtain údaráis na Danmhairge táirgeoirí na Danmhairge a chosc nó a stopadh ó aithrisí 'Feta' a tháirgeadh agus a mhargú, rud a chuireann na cuspóirí a leagtar amach sna forálacha sin de Rialachán Uimh. 1151/2012 i mbaol. Sa bhreis ar an éileamh sin atá luaite sa *petitum*, ardaíonn an Coimisiún líomhain eile sna forais agus sna conclúidí (ach ní sa *petitum*) den iarratas. De réir na líomhna sin, tá sárú neamhspleách déanta ag Ríocht na Danmhairge ar Airteagal 4(3) CAE freisin tríd an mbonn a bhaint de sheasamh an Aontais i gcaibidlíochtaí idirnáisiúnta maidir le hainmneacha cláraithe AE a chosaint.

77. Tá an dá líomhain sin difriúil. I mo thuairim, níor cheart an dara ceann den dá líomhain sin a chur san áireamh sa chás seo, toisc nach bhfuil sé sonraithe ag an gCoimisiún ina *petitum* chuig an gCúirt Bhreithiúnais. Mar sin féin, má chinneann an Chúirt Bhreithiúnais rialú a dhéanamh ar an líomhain sin, tabharfaidh mé mo thuairim ina leith.

78. Áitíonn Ríocht na Danmhairge nach ndearnadh aon sárú ar Airteagal 4(3) CAE, ina aonar nó i gcomhar le hAirteagal 1(1) agus le hAirteagal 4 de Rialachán Uimh. 1151/2012, lena gcuirtear san áireamh cásdlí na Cúirte Breithiúnais agus an fíoras nach ionann easaontais faoi léiriú dhlí an Aontais iontu féin agus sárú ar dhualgas Ballstáit maidir le comhar dílis.

[58] Féach pointe 43 den Tuairim seo.

1. Sárú líomhnaithe ar Airteagal 4(3) CAE i gcomhar le hAirteagal 1(1) agus le hAirteagal 4 de Rialachán Uimh. 1151/2012

79. De réir Airteagal 4(3) CAE, ina gcuirtear in iúl prionsabal an chomhair dhílis, tá oibleagáid ar na Ballstáit na bearta uile is gá a ghlacadh chun cur i bhfeidhm agus éifeachtacht dhlí an Aontais a ráthú agus chun deireadh a chur le hiarmhairtí neamhdhleathacha ag sárú ar an dlí sin. Tá oibleagáid den sórt sin dlite, laistigh dá raon inniúlachta, ag gach foras de chuid an Bhallstáit lena mbaineann. [59]

80. Tá samplaí ann i gcomhthéacs imeachtaí sáraithe, ina gcinneann an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil Airteagal 4(3) CAE sáraithe ag Ballstát amháin [60] agus an tAirteagal sin amháin nó i gcomhar le forálacha eile de dhlí an Aontais. [61]

81. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais, áfach, go bhfuil mainneachtain an oibleagáid ghinearálta um chomhar dílis a eascraíonn as Airteagal 4(3) CAE a chomhlíonadh éagsúil ó mhainneachtain chomhlíonadh na n-oibleagáidí sonracha a léiríonn inti féin an oibleagáid ghinearálta sin. Dá bhrí sin, ní fhéadfar sárú ar an oibleagáid ghinearálta sin a aimsiú ach amháin a mhéid agus a chumhdaítear léi iompar ar leith ón iompar arb ionann é agus sárú ar na hoibleagáidí sonracha sin. [62] Má bhaineann an sárú líomhnaithe ar Airteagal 4(3) CAE leis an iompar céanna leis an sárú líomhnaithe ar fhorálacha níos sainiúla de dhlí an Aontais, is leor an measúnú faoi na forálacha sonracha sin. [63]

82. Sa chás seo, dealraíonn sé dom go mbaineann an dara gearán, maidir leis an sárú líomhnaithe ar Airteagal 4(3) CAE i gcomhar le hAirteagal 1(1) agus le hAirteagal 4 de Rialachán Uimh. 1151/2012, go bunúsach leis an ábhar céanna agus leis an iompar céanna leis sin a líomhnaítear sa chéad ghearán maidir leis an sárú líomhnaithe ar na hoibleagáidí sonracha faoi Airteagal 13 de Rialachán Uimh. 1151/2012. Eascraíonn sé as an difríocht tuairime chéanna maidir le léiriú raon feidhme críochach Rialachán Uimh. 1151/2012 agus as an iompar céanna d'údaráis na Danmhairge inar mhainnigh siad táirgeadh agus margú aithrisí 'Feta' a chosc nó a stopadh. Go deimhin, mar a chuir Ríocht na Danmhairge in iúl, ceadaíonn údaráis na Danmhairge 'Feta' bréige a tháirgeadh agus a mhargú mar gheall ar léiriú Ríocht na Danmhairge ar cad is úsáid neamhdhleathach ann de réir bhrí Airteagal 13(3) de Rialachán Uimh. 1151/2012. Dá réir sin, ar bhonn chásdlí na Cúirte Breithiúnais dá dtagraítear i bpointe 81 den Tuairim seo, ba cheart a mheas nach gá don Chúirt Bhreithiúnais rialú a thabhairt ar an dara gearán.

[59] Féach, mar shampla, breithiúnais an 17 Nollaig 2020, *an Coimisiún* v *an tSlóivéin (Cartlann BCE)* (C-316/19, EU:C:2020:1030, míreanna 119 agus 124), agus an 18 Bealtaine 2021, *Asociația 'Forumul Judecătorilor din România' agus páirtithe eile* (C-83/19, C-127/19, C-195/19, C-291/19, C-355/19 agus C-397/19, EU:C:2021:393, mír 176).

[60] Féach, mar shampla, breithiúnais an 31 Deireadh Fómhair 2019, *an Coimisiún* v *an Ríocht Aontaithe* (C-391/17, EU:C:2019:919), agus an 31 Deireadh Fómhair 2019, *an Coimisiún* v *an Ísiltír* (C-395/17, EU:C:2019:918). Sa dá chás sin, áfach, mheas an Chúirt Bhreithiúnais gurbh éard a bhí i sárú Airteagal 4(3) CAE diúltú na mBallstát faoi seach cúiteamh a thabhairt as caillteanas acmhainní dílse traidisiúnta an Aontais, rud a tharla de bharr chinntí rialtais na dtíortha thar lear agus na gcríoch thar lear a raibh na Ballstáit i gceist freagrach astu. Baineann cás eile inar chinn an Chúirt Bhreithiúnais sárú neamhspleách ar Airteagal 4(3) CAE le cás nár chuir Ballstát an fhaisnéis riachtanach ar fáil don Choimisiún le linn an nós imeachta um shárú réamhdhlíthíochta. Féach, mar shampla, breithiúnais an 2 Meán Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an tSualainn (Gléasraí cóireála fuíolluisce)* (C-22/20, EU:C:2021:669, mír 149), agus an 8 Márta 2022, *an Coimisiún* v *an Ríocht Aontaithe (Calaois tearcluachála a chomhrac)* (C-213/19, EU:C:2022:167, mír 598).

[61] Le haghaidh sampla clasaiceach, féach breithiúnas an 9 Nollaig 1997, *an Coimisiún* v *an Fhrainc* (C-265/95, EU:C:1997:595) (dá ngairtear an cás 'sútha talún Spáinneacha' de ghnáth, inar dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais gur mhainnigh Poblacht na Fraince a cuid oibleagáidí faoi rialacha saorghluaiseachta an Aontais a chomhlíonadh, i gcomhar le hAirteagal 4(3) CAE anois, agus faoi chomheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, trí mhainneachtain na bearta comhréireacha uile is gá a ghlacadh chun cosc a chur ar shaorghluaiseacht torthaí agus glasraí bheith saor ó chonstaicí de bharr gníomhaíochtaí arna nglacadh ag daoine aonair príobháideacha).

[62] Féach, mar shampla, breithiúnais an 15 Samhain 2005, *an Coimisiún* v *an Danmhairg* (C-392/02, EU:C:2005:683, mír 69), agus an 17 Nollaig 2020, *an Coimisiún* v *an tSlóivéin (Cartlann BCE)* (C-316/19, EU:C:2020:1030, mír 121).

[63] Féach, mar shampla, breithiúnais an 30 Bealtaine 2006, *an Coimisiún* v *Éire* (C-459/03, EU:C:2006:345, míreanna 168 go 182), agus an 17 Nollaig 2020, *an Coimisiún* v *an tSlóivéin (Cartlann BCE)* (C-316/19, EU:C:2020:1030, míreanna 122 go 129).

83. Is é mo thuairim go bhfuil cúis thábhachtach mar bhonn le cásdlí na Cúirte Breithiúnais nach sáraítear prionsabal an chomhair dhílis freisin nuair a aimsítear sárú ar oibleagáid shonrach faoi dhlí an Aontais. Eascraíonn an chúis sin le cuspóir an nós imeachta um shárú agus le bealaí breithiúnacha chun díospóidí a réiteach ar bhealach níos ginearálta. Leis an nós imeachta faoi Airteagal 258 CFAE chun a shuíomh gur mhainnigh Ballstát oibleagáidí a chomhlíonadh, tugtar bealach chun oibleagáidí na mBallstát a chinneadh i gcásanna ina bhfuil difríocht ann maidir le léiriú na rialach dlíthiúla céanna. I gcásanna den sórt sin ina bhfuil díospóid faoi bhrí rialach dlíthiúla, ina bhfuil tuiscint amháin ag an gCoimisiún, agus tuiscint eile ag an mBallstát, tugtar de chumhacht don Chúirt Bhreithiúnais leis an nós imeachta um shárú díospóid léirmhínitheach den sórt sin a réiteach. Aithnítear é sin sa chásdlí.[64]

84. Aontaím, mar sin, leis na hargóintí a chuir Ríocht na Danmhairge ar aghaidh nach féidir a shuíomh go bhfuil Airteagal 4(3) CAE sáraithe ag Ballstát toisc nach n-aontaíonn sé leis an gCoimisiún maidir le léiriú fhorálacha dhlí an Aontais, mar is amhlaidh sa chás seo. Ní hionann an fíoras go bhfuil tuiscint dhifriúil ag Ballstát agus ag an gCoimisiún maidir le dlí an Aontais agus sárú phrionsabal an chomhair dhílis ó thaobh an Bhallstáit sin de.

85. Go deimhin, bheadh sé contúirteach dá mbeadh sé seo amhlaidh, toisc go bhféadfadh sé sin díospóidí maidir le léiriú dhlí an Aontais a chosc ó theacht os comhair na Cúirte Breithiúnais. Tá easaontas faoi bhrí an dlí mar chuid de gach córas dlí. Trí chórais atá bunaithe ar an smacht reachta, réitítear díospóidí den sórt sin trí chumhacht a thabhairt do chúirteanna a dhearbhú cad is brí leis an dlí. Bheadh sé contrártha leis na hiarrachtaí chun easaontais den sórt sin a réiteach in imeachtaí breithiúnacha dá gcinnfí go sáródh na Ballstáit an oibleagáid maidir le comhar dílis mar gheall ar an difríocht sa tuiscint ar an dlí. Ní mór do bhrí an dlí sna daonlathais liobrálacha a bheith oscailte do chonspóid, agus ní féidir a mheas go bhfuil an páirtí nach seasann an chúirt lena thuiscint mídhílseach do chóras an dlí de bharr nach bhfuil sé ach 'mícheart'. Bheadh sé difriúil, tar éis don Chúirt Bhreithiúnais cad atá sa dlí a fhógairt, dá leanfadh Ballstát dá chur i bhfeidhm contrártha leis an bhfógairt sin.

86. I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú gur easaontas idir an Coimisiún agus Ríocht na Danmhairge maidir le léiriú Airteagal 13 de Rialachán Uimh. 1151/2012 atá go bunúsach sa díospóid a eascraíonn sa chás seo. Tá easaontas ann maidir le cibé an bhféadtar nó nach bhféadtar an Rialachán sin a léiriú mar Rialachán atá infheidhme maidir le táirgí a bheartaítear iad a onnmhairiú chuig tríú tíortha. Lasmuigh den réimse díospóide seo de chur i bhfeidhm Rialachán Uimh. 1151/2012, chuir údaráis na Danmhairge in iúl don Chúirt Bhreithiúnais (agus níor chuir an Coimisiún ina choinne) go bhfuil bearta forghníomhaithe iomchuí á ndéanamh acu maidir leis an margadh inmheánach. Ní chuireann siad bearta den sórt sin i gcrích ach amháin i gcás onnmhairí chuig tríú tíortha (a mhéid nach bhfuil aon chomhaontú idirnáisiúnta tugtha i gcrích leis an Aontas) toisc go bhfuil siad den tuairim nach bhfuil na honnmhairí sin cumhdaithe ag forálacha Rialachán Uimh. 1151/2012. Sna himthosca sin, ní hionann léiriú malartach an Rialacháin sin a chuir Ríocht na Danmhairge ar aghaidh ann féin agus iompar arb ionann é agus sárú ar phrionsabal an chomhair dhílis faoi Airteagal 4(3) CAE.

87. D'fhéadfaí a chur leis nach bhfuil imthosca an cháis seo inchomparáide leo siúd as ar eascair breithiúnas an 19 Feabhra 1991, *an Coimisiún* v *an Bheilg*,[65] dá dtagraítear ag an gCoimisiún. Sa chás sin, is éard a bhí sa ghearán ná gur dhiúltaigh an Ballstát faisnéis a sholáthar don Choimisiún agus níor chomhlíon an Ballstát a oibleagáidí ach amháin faoi bhagairt dhíreach

[64] Féach, mar shampla, breithiúnais an 14 Nollaig 1971, *an Coimisiún* v *an Fhrainc* (7/71, EU:C:1971:121, mír 49), agus an 11 Meán Fómhair 2014, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin* (C-525/12, EU:C:2014:2202, mír 24).

[65] C-374/89, EU:C:1991:60, míreanna 12 go 16.

iarratais chun na Cúirte Breithiúnais agus gur fheidhmigh sé de shárú ansin a luaithe nach raibh an bhagairt ann a thuilleadh. Níor léirigh an Coimisiún go ndearna Ríocht na Danmhairge aon ghníomh d'aon ghnó nó neamhghníomh den sórt sin sa chás seo.

88. Dá bhrí sin, ní féidir seasamh leis an ngearán go sáraíonn Ríocht na Danmhairge Airteagal 4(3) CAE dá réir, toisc nach ngníomhaíonn sí chun cuspóirí Rialachán Uimh. 1151/2012 a chomhlíonadh, a thuigeann sí ar bhealach difriúil.

2. Sárú líomhnaithe ar Airteagal 4(3) CAE amháin

89. Líomhnaíonn an Coimisiún go bhfuil Airteagal 4(3) CAE sáraithe ag Ríocht na Danmhairge freisin trí sheasamh an Aontais a lagú sa chaibidlíochtaí idirnáisiúnta maidir le cosaint ainmneacha cláraithe.

90. Chuige sin, mar atá curtha in iúl ag scoláirí,[66] tá tábhacht ar leith ag baint le hoibleagáid an chomhair dhílis i gcomhthéacs chaidreamh eachtrach an Aontais.

91. Léirítear é sin freisin i roinnt breithiúnas ón gCúirt a d'eascair as imeachtaí um shárú.

92. Mar shampla, i mbreithiúnas an 12 Feabhra 2009, *an Coimisiún* v *an Ghréig*,[67] chinn an Chúirt Bhreithiúnais gur sháraigh an Phoblacht Heilléanach a cuid oibleagáidí faoi dhlí an Aontais, lena n-áirítear Airteagal 4(3) CAE, trí thogra a chur faoi bhráid eagraíocht idirnáisiúnta a chuir nós imeachta ar bun a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le rialacha nua a ghlacadh ar dóigh dóibh difear a dhéanamh do na forálacha de dhlí an Aontais agus a ghníomhaigh dá bhrí sin ar bhonn aonair i réimse ina bhfuil inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas.

93. I mbreithiúnas an 20 Aibreán 2010, *an Coimisiún* v *an tSualainn*,[68] chinn an Chúirt Bhreithiúnais gur sháraigh Ríocht na Sualainne Airteagal 4(3) CAE trína mholadh go haontaobhach substaint áirithe a chur leis an iarscríbhinn a ghabhann le coinbhinsiún idirnáisiúnta i réimse inniúlachta roinnte. Tríd an méid sin a dhéanamh, dhícheangail an Ballstát sin é féin ó chomhstraitéis chomhbheartaithe laistigh den Chomhairle, a raibh iarmhairtí aici don Aontas.

94. Ina theannta sin, i mbreithiúnas an 27 Márta 2019, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin*,[69] chinn an Chúirt Bhreithiúnais gur theip ar Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi chinneadh AE agus faoi Airteagal 4(3) CAE trí vótáil i gcoinne sheasamh an Aontais a leagtar síos sa chinneadh sin agus tar éis di cur i gcoinne an tseasaimh sin go poiblí agus na socruithe maidir le feidhmiú na gceart vótála dá bhforáiltear iontu. Go háirithe, mheas an Chúirt Bhreithiúnais go raibh an Ballstát sin, trína iompar, ag fanacht glan ó sheasamh an Aontais mar a bunaíodh sa chinneadh sin a raibh an baol ann go mbainfí an bonn de chumhacht caibidlíochta an Aontais faoi chuimsiú an choinbhinsiúin idirnáisiúnta lena mbaineann.

66 Féach, mar shampla, De Baere, G. agus Roes, T., 'EU loyalty as good faith', *International & Comparative Law Quarterly*, Iml. 64, 2015, lch. 829; Cremona, M. (eag.), *Structural Principles in EU External Relations Law*, Hart Publishing, Oxford, 2018; Van Elsuwege, P., 'The Duty of Sincere Cooperation and Its Implications for Autonomous Member State Action in the Field of External Relations', in Varju, M. (eag.), *Between Compliance and Particularism: Member State Interests and European Union Law*, Springer, Cham, 2019, lch. 283; Eckes, C., 'Disciplining Member States: EU Loyalty in External Relations', *Cambridge Yearbook of European Legal Studies*, Iml. 22, 2020, lch. 85.

67 C-45/07, EU:C:2009:81.

68 C-246/07, EU:C:2010:203.

69 C-620/16, EU:C:2019:256.

95. Sa chás seo, áfach, níor cuireadh aon fhaisnéis os comhair na Cúirte Breithiúnais lena suitear go bhfuil iarracht déanta ag Ríocht na Danmhairge an bonn a bhaint de chaibidlíocht an Aontais maidir le cosaint ainmneacha cláraithe ar an leibhéal idirnáisiúnta (iltaobhach nó déthaobhach). Tá difríocht idir cásdlí na Cúirte Breithiúnais atá leagtha amach i bpointí 92 go 94 den Tuairim seo agus an cás seo. Go háirithe, níor léiríodh go bhfuil aon ghníomhaíocht nithiúil déanta ag Ríocht na Danmhairge ar an stáitse idirnáisiúnta nó i gcomhthéacs na gcaibidlíochtaí idirnáisiúnta, contrártha le seasamh comhaontaithe AE.

96. I bhfianaise na gcúiseanna thuasluaite, ba cheart an dara gearán a rinne an Coimisiún a dhíbhe.

VI. Costais

97. Faoi Airteagal 138(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc má tá iarraidh ina leith sin i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis. Mar sin féin, de réir na chéad abairte d'Airteagal 138(3) de, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a ordú do na páirtithe a gcostais féin a iompar má éiríonn le gach páirtí ar chuid díobh agus má mhainníonn sé ar chinn eile. Dá bhrí sin, ós rud é nár éirigh leis an gCoimisiún ná le Ríocht na Danmhairge i bpáirt, ba cheart ordú a thabhairt dóibh a gcostais féin a iompar.

98. Thairis sin, faoi Airteagal 140(1) de na Rialacha Nós Imeachta, is iad na Ballstáit a rinne idiragairt sna himeachtaí a iompraíonn a gcostais féin. Dá réir sin, ba cheart ordú a thabhairt don Phoblacht Heilléanach agus do Phoblacht na Cipire a gcostais féin a iompar.

VII. Conclúid

99. I bhfianaise na mbreithnithe thuasluaite sin, molaim gur cheart don Chúirt Bhreithiúnais:

1. A dhearbhú, toisc gur mhainnigh Ríocht na Danmhairge úsáid an ainm chláraithe 'Feta' ag táirgeoirí na Danmhairge a chosc nó a stopadh le haghaidh cáis a bheartaítear a onnmhairiú chuig tríú tíortha, gur mhainnigh Ríocht na Danmhairge a cuid oibleagáidí faoi Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí a chomhlíonadh;

2. An chaingean a dhíbhe maidir leis an gcuid eile;

3. A ordú don Choimisiún Eorpach agus do Ríocht na Danmhairge a gcostais féin a iompar; agus

4. A ordú don Phoblacht Heilléanach agus do Phoblacht na Cipire a gcostais féin a iompar.